**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**
***State Examinations Commission***

***Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2016***

# *Grafaic Dhearaidh agus Chumarsáide*
## *Gnáthleibhéal*
## *Roinn A (60 marc)*

**Dé Céadaoin, 22 Meitheamh**
**Tráthnóna, 2:00 - 5:00**

**Tá an scrúdú seo roinnte ina thrí roinn:**
ROINN A (Croíréimsí Staidéir - Ceisteanna Gearra)
ROINN B (Croíréimsí Staidéir - Ceisteanna Fada)
ROINN C (Grafaic Fheidhmeach - Ceisteanna Fada)

**ROINN A**
- Cuirtear ceithre cheist i láthair.
- Freagair **trí cheist ar bith** ar an mbileog A3 lastall.
- Tá **20 marc** ag gabháil le gach ceann de na ceisteanna i Roinn A.

**ROINN B**
- Cuirtear trí cheist i láthair.
- Freagair **dhá cheist ar bith** ar pháipéar líníochta.
- Tá **45 marc** ag gabháil le gach ceann de na ceisteanna i Roinn B.

**ROINN C**
- Cuirtear cúig cheist i láthair.
- Freagair **dhá cheist ar bith** (i.e. na roghanna a bhfuil staidéar déanta agat orthu) ar pháipéar líníochta.
- Tá **45 marc** ag gabháil le gach ceann de na ceisteanna i Roinn C.

**Treoracha Ginearálta:**
- *Ní mór na línte tógála a thaispeáint ar gach réiteach.*
- *Scríobh uimhir na ceiste go soiléir ar pháipéar na bhfreagraí i Roinn B agus i Roinn C.*
- *Ná bain úsáid ach as taobh amháin den pháipéar líníochta.*
- *Tugtar na toisí go léir ina méadair nó ina milliméadair.*
- *Scríobh do Scrúduimhir sa bhosca thíos agus ar na bileoga eile go léir a úsáidtear.*

**Scrúduimhir:** | |


## **ROINN A – Croíréimsí Staidéir** – Freagair **trí cinn ar bith** de na ceisteanna ar an mbileog A3 seo.

**A-1.** Taispeánann an ghrafaic thíos lógó *Chomhar Creidmheasa na hÉireann*.
Tá dhá éilips ann agus an mhion-ais chéanna acu.

Taispeánann an líníocht ar dheis an t-éilips inmheánach críochnaithe. Tá cuid den dara héilips tarraingthe freisin.

**(a)** Aimsigh pointí eile ar an gcuar agus tarraing an dara héilips.

**(b)** Aimsigh pointí fócais an dara héilips.





**A-3.** Taispeánann an ghrafaic 3D de trealamh gleacaíochta thíos, leathsféar (A) agus cón barrscoite (B) i gcomhthadhall le chéile. Taispeántar freisin sféar (C) i gcomhthadhall leis an leathsféar.
Tá na trí cinn díobh suite ar an urlár.

Taispeánann an líníocht ar dheis ingearchló agus bonnchló páirtchríochnaithe den trealamh gleacaíochta.


**(a)** Tarraing bonnchló an chóin bharrscoite **B**.

**(b)** Tarraing bonnchló an sféir **C**.



**A-2.** Taispeánann an ghrafaic 3D thíos foireann cuaillí cosúil leo sin a úsáidtear i gcraobhchomórtas Aontas Chumainn Sacair na hEorpa (*UEFA*). Taispeánann an líníocht ar dheis bonnchló agus cló peirspictíochta páirtchríochnaithe de na cuaillí. Críochnaigh líníocht pheirspictíochta na gcuaillí.







**A-4.** Taispeánann an íomhá thíos teach a bhfuil grianphainéal suite ar a dhíon. Taispeántar freisin bonnchló, ingearchló páirtchríochnaithe agus taobhchló páirtchríochnaithe den teach agus den ghrianphainéal.

**(a)** Críochnaigh ingearchló an tí agus an ghrianphainéil.

**(b)** Críochnaigh an taobhchló.







**Ní mór an scrúdpháipéar seo a thabhairt ar ais ag deireadh an scrúdaithe – Ní mór do Scrúduimhir a chur ar an gclúdach tosaigh.**

**Is cuid de Roinn C an léarscáil chomhairde seo agus ba chóir í a úsáid don fhreagra ar rogha na Céimseatan Geolaíche (Ceist C-1) amháin.**

*(Scála 1:1000)*



**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**
***State Examinations Commission***

*Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2016*

# *Grafaic Dhearaidh agus Chumarsáide*
## *Gnáthleibhéal*
## *Roinn B agus Roinn C (180 marc)*

**Dé Céadaoin, 22 Meitheamh**
**Tráthnóna, 2:00 - 5:00**

**Tá an scrúdú seo roinnte ina thrí roinn:**
ROINN A (Croíréimsí Staidéir - Ceisteanna Gearra)
ROINN B (Croíréimsí Staidéir - Ceisteanna Fada)
ROINN C (Grafaic Fheidhmeach - Ceisteanna Fada)

| | |
|---|---|
| **ROINN A** | • Cuirtear ceithre cheist i láthair.<br>• Freagair **trí cheist ar bith** ar an scrúdpháipéar A3 a ghabhann leis seo.<br>• Tá **20 marc** ag gabháil le gach ceann de na ceisteanna i Roinn A. |
| **ROINN B** | • Cuirtear trí cheist i láthair.<br>• Freagair **dhá cheist ar bith** ar pháipéar líníochta.<br>• Tá **45 marc** ag gabháil le gach ceann de na ceisteanna i Roinn B. |
| **ROINN C** | • Cuirtear cúig cheist i láthair.<br>• Freagair **dhá cheist ar bith** (i.e. na roghanna a bhfuil staidéar déanta agat orthu) ar pháipéar líníochta.<br>• Tá **45 marc** ag gabháil le gach ceann de na ceisteanna i Roinn C. |

**Treoracha Ginearálta:**
- *Ní mór na línte tógála a thaispeáint ar gach réiteach.*
- *Scríobh uimhir na ceiste go soiléir ar pháipéar na bhfreagraí i Roinn B agus Roinn C.*
- *Ná bain úsáid ach as taobh amháin den pháipéar líníochta.*
- *Tugtar na toisí go léir ina méadair nó ina milliméadair.*
- *Scríobh do scrúduimhir sa bhosca atá tugtha ar Roinn A agus ar na bileoga eile go léir a úsáidtear.*

# ROINN B – Croíréimsí Staidéir

Freagair **dhá cheist ar bith** as an roinn seo ar pháipéar líníochta.

**B-1.** Taispeánann an ghrafaic 3D méaróg chuimhne USB.



Taispeánann Fíor B-1 thíos teilgean isiméadrach neamhchríochnaithe de mhéaróg USB cosúil léi. Taispeántar bonnchló agus ingearchló den mhéaróg USB freisin sna suíomhanna riachtanacha.


**(a)** Tarraing an triantán comhshleasach **abc** a thugtar agus na haiseanna aismhéadracha **X**, **Y** agus **Z**.

**(b)** Tarraing an bonnchló agus an t-ingearchló sa suíomh a thaispeántar.

**(c)** Tarraing teilgean aismhéadrach de na páirteanna dronuilleogacha den mhéaróg USB.

**(d)** Tarraing an taobh leathchiorclach den mhéaróg USB chun an teilgean aismhéadrach a chríochnú.

**Scála 1:1**




**Fíor B-1**

**B-2.** Taispeánann an ghrafaic 3D ar dheis cochall cócaireáin atá déanta as copar.

Taispeánann Fíor B-2 thíos chló isiméadrach den chochall.


**(a)** Tarraing ingearchló den struchtúr sa treo ina bhfuil an tsaighead.

**(b)** Tarraing bonnchló arna theilgean ón ingearchló.

**(c)** Tarraing ingearchló cúnta den ***struchtúr*** arna theilgean ón mbonnchló agus a mbeidh fíorchruth dhromchla **A** san áireamh ann.

**Scála 1:1**






**Fíor B-2**

**B-3.** Taispeánann an ghrafaic 3D ar dheis claí ón *Seó Capall Bhaile Átha Cliath*.


Taispeánann Fíor B-3 thíos bonnchló agus ingearchló neamhchríochnaithe de chlaí dá leithéid agus dhá phiara dhronuilleogacha.

**(a)** Tarraing an bonnchló agus an t-ingearchló a thugtar agus críochnaigh na teilgin, agus tú ag taispeáint na línte idirthreáite go léir idir an claí agus na piaraí.



**(b)** Tarraing taobhchló den struchtúr.

**Scála 1:1**




**Fíor B-3**

# ROINN C - Grafaic Fheidhmeach

Freagair **dhá cheist ar bith** (i.e. na roghanna a bhfuil staidéar déanta agat orthu) as an roinn seo ar pháipéar líníochta.

# Céimseata Gheolaíoch

**C-1.** Sa léarscáil atá leis seo agus atá ar fáil ar leathanach cúil Roinn A, taispeántar comhrianta talún agus iad 5 mhéadar ó chéile go ceartingearach.

**(a)** Ar an líníocht a thugtar, tarraing gearradh ceartingearach (próifíl) ar an line **AB**.

**(b)** Is é **CD** lárlíne bóthair atá beartaithe agus é leibhéalta ag airde 35m.
Agus taobhfhánaí de 1:1 á n-úsáid agat do na claífoirt agus do na gearrthacha, críochnaigh na hoibreacha talún ar an taobh thuaidh atá riachtanach don bhóthar.

*(**Nóta**: Tá na hoibreacha talún ar an taobh theas den bhóthar críochnaithe cheana féin.)*

**Scála 1:1000**

**C-2.** Taispeánann an ghrafaic ar dheis cathaoireacha deice agus iad i bhfoirm parabólóideach hipearbólóideach.


Taispeánann Fíor C-2 bonnchló agus ingearchló de dhromchla tipiciúil hipearbólóideach parabólóideach **ABCD**.

**(a)** Tarraing an bonnchló agus an t-ingearchló den dromchla hipearbólóideach parabólóideach a thugtar.

**(b)** Teilg taobhchló den dromchla hipearbólóideach parabólóideach.



**Scála 1:1**




**Fíor C-2**

# Céimseata Dhromchla

**C-3.** Taispeánann an ghrafaic 3D ar dheis giotár leictreach agus cás giotáir.

Taispeántar bonnchló agus ingearchló de chás an ghiotáir i bhFíor C-3.


**(a)** Tarraing na clónna a thugtar.

**(b)** Teilg taobhchló den chás.

**(c)** Tarraing forbairt dromchla aon phíosa den chás.




**Scála 1:1**




**Fíor C-3**

# Meicníochtaí Dinimiciúla

**C-4. (a)** Taispeánann na híomhánna ar dheis cló méadaithe de mheicníocht loine agus chromáin as inneall *scairdscí*.






Taispeánann Fíor C-4 thíos léaráid líne de mheicníocht seo an innill.


Tá an cromán **OA** agus an ghéag **AC** ceangailte le pionna ailt ag **A**.

Tá an pointe **B** suite ar an ngéag **AC** mar a thaispeántar.

De réir mar a rothlaíonn an cromán **OA** deiseal, ar feadh aon rothlaithe amháin, gluaiseann pointe **C** feadh na haise cothrománaí.

Breac lócas phointe **B** don ghluaiseacht seo.

**Scála 1:1**




**Fíor C-4**

**(b)** Taispeántar san íomhá ar dheis cló méadaithe de cheamfhearsaid as inneall scairdscí dá leithéid. Cuireann an ceam an ghluaisne seo a leanas i leantóir:



- 0° go 90° Fosadh
- 90° go 180° Ardú 50mm ar treoluas aonfhoirmeach
- 180° go 360° Titim 50mm ar luasghéarú agus moilliú aonfhoirmeach.

Tarraing an léaráid díláithriúcháin don cheam agus úsáid á baint agat as fad 15mm do gach eatramh 30°.

***Nóta:*** *Ní gá próifíl an cheama a tharraingt.*

**Scála 1:1**

# Cóimeálacha

**C-5.** Taispeánann an ghrafaic 3D ar dheis leabhair ar sheilf agus iad i dteagmháil le *Leabharthaca*. Tugtar mionsonraí an Leabharthaca i bhFíor C-5 thíos.


Tugtar liosta agus grafaic 3D de na páirteanna freisin.


Tarraing an ***t-ingearchló gearrtha*** A-A den Leabharthaca cóimeáilte.


*(Is féidir meastachán a dhéanamh ar thoise ar bith atá fágtha ar lár.)*




**Scála 1:1**





| Páirt | Ainm | Líon |
|---|---|---|
| 1 | Taobhphíosa ingearach | 1 |
| 2 | Lárthaca | 1 |
| 3 | Bonn | 1 |
| 4 | Pionna 25mm | 2 |
| 5 | Pionna 40mm | 1 |



**Fíor C-5**

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán